C/2024/7088

22.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11770 – TPG / GENERAL ATLANTIC / MR MALLOUK / CREATIVE PLANNING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7088)

1. An 12 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TPG Inc. ('TPG', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— General Atlantic, L.P. ('GA', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Peter Mallouk ('Mr. Mallouk', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Creative Planning Holdco, LLC ('Creative Planning', Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú comhpháirteach GA agus Mr. Mallouk faoi láthair.

Gheobhaidh TPG, GA agus Mr. Mallouk rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3, mír 1, pointe (b), agus Airteagal 3, mír 4, den Rialachán um Chumaisc, ar Creative Planning.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— TPG: gnólacht domhanda um bainistiú sócmhainní malartacha,

— GA: gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda a sholáthraíonn caipiteal agus tacaíocht straitéiseach le haghaidh cuideachtaí fáis,

— Mr. Mallouk: duine nádúrtha a bhfuil leas urlámhais á fheidhmiú aige faoi láthair ar Creative Planning,

— Creative Planning: gnólacht bainistithe saibhris agus infheistíochta a sholáthraíonn cur chuige i leith bainistiú infheistíochta bunaithe ar phleanáil airgeadais, sin agus pleanáil scoir, pleanáil eastáit, seirbhísí iontaobhais, pleanáil cánach agus seirbhísí oifige teaghlaigh le haghaidh daoine aonair mar aon le daoine a bhfuil plean scoir 401(k) acu agus cliaint institiúideacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11770 – TPG / GENERAL ATLANTIC / MR MALLOUK / CREATIVE PLANNING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË